



Tuilleadh eolais maidir le próiseas na nGrád Ríofa

Tá an Feidhmchlár Esinet do na Gráid Ríofa, atá le húsáid chun marcanna céatadáin measta agus rang-oird a tharchur, ar an mbealach. Déanfar tuilleadh sonraí, lena n-áirítear treoir maidir le húsáid an chórais seo, a eisiúint go luath chomh maith le ciorclán maidir leis na socruithe do Chúntóir na nGrád Ríofa agus socruithe a bhaineann le híocaíocht (a bheidh ar aon dul leis an múnla atá ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit i leith Cúntóirí Scrúdaithe).

1. Fadhb leis an leagan inchomhlánaithe pdf d’Fhoirm B

Tarraingíodh ár n-aird ar fhadhb leis an leagan inchomhlánaithe pdf d’Fhoirm B a cuireadh ar fáil ar an suíomh gréasáin. (Ar ró 19 den liosta rang-oird, ní thabharfadh an fhoirm cead don úsáideoir marc céatadáin measta a chur isteach sa chill chuí.) Uaslódáladh leagan leasaithe ar an suíomh gréasáin ar an 30 Bealtaine ag 12.20pm. Má tá sé ar intinn ag múinteoir ar bith i do scoilse an fhoirm sin a chomhlánú go digiteach, agus má d’íoslódáil tusa nó an múinteoir sin í roimh an am sin, íoslódáil cóip úr, le do thoil. Tá brón orainn má chuir sé sin as duit.

2. Ábhair taobh amuigh den scoil

Tá eolas maidir le hábhair a bhfuil staidéar á dhéanamh orthu lasmuigh den scoil leagtha síos sa *Treoir do Scoileanna maidir le Marcanna Céatadáin Measta agus Rang-Orduithe Ranga a sholáthar*, alt 16.1.

Faoi mar atá luaite, cuspóir tábhachtach a bhaineann le húsáid shamhail na ngrád ríofa san éigeandáil sláinte reatha ná aitheantas a thabhairt do ghnóthachtálacha foghlama an oiread scoláirí agus is féidir ar bhealach a ligeann dóibh dul ar aghaidh chuig an oideachas tríú leibhéal nó chuig saol an hoibre. Mar sin, ba cheart gach iarracht is féidir a dhéanamh bonn sásúil fianaise a fháil. Tá scoláirí ag brath ar a gcuid scoileanna chun pé fianaise atá riachtanach don phróiseas sin a lorg, chun gur féidir leo Gráid Ríofa a fháil sna hábhair sin. Ar an gcéad dul síos, is dócha go mbeadh sé i gceist teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí nó le caomhnóirí na scoláirí sin chun an méid eolais is féidir a fháil, maidir le haon naisc le múinteoir nó le teagascóir a bhféadfadh sé go raibh baint éigin aige/aici leis an bhfoghlaim agus a bhfuil seans ann go mbeadh sé/sí ábalta cuidiú leis an scoil chun teacht ar mharc measta.

Ba cheart go ndéanfadh an príomhoide, i gcomhar le múinteoir nó le teagascóir a bhfuil an teagasc á chur ar fáil aige/aici taobh amuigh den scoil, réimse fianaise atá chomh leathan agus is féidir a bhreithniú, ionas go ndéanfar gach bealach a fhiosrú lena chinntiú go mbeidh marc measta á sholáthar i gcásanna den chineál sin. D’fhéadfadh sé go n-athródh an fhianaise ó ábhar go hábhar de bharr réimse na n-ábhar atá i gceist. D’fhéadfadh ábhair churaclaim agus teangacha neamhchuraclaim a bheith i gceist sna hábhair sin.

Tá an Oifig Feidhmiúcháin um Ghráid Ríofa (CGEO) i mbun comhairliúcháin i gcónaí le roinnt líonraí múinteoirí, ar líonraí iad a thacaíonn le teagasc agus le foghlaim sna teangacha neamhchuraclaim, chun tacú lena rannpháirtíocht i bpróiseas na nGrád Ríofa i gcás scoláirí Ardteistiméireachta a bhfuil baint acu leo.

Cuirfidh Teangacha Iar-bhunscoile Éireann (PPLI)* cúnamh ar fáil do scoileanna maidir le marcanna measta a sholáthar i leith scoláirí a bhí i mbun staidéir ar theangacha le múinteoirí agus teagascóirí a chuir PPLI ar fáil.

Tá sé tábhachtach a lua nach raibh gach scoláire páirteach sa teagasc a bhí á sholáthar ag PPLI agus mar sin d'fhéadfadh sé nach mbeadh an cur chuige sin i gceist maidir le gach scoláire sa scoil. Caithfear bealaí eile a fhiosrú i dtaca le scoláirí atá ag déanamh staidéir ar theangacha taobh amuigh den scoil agus nach raibh baint acu le PPLI.

*Tionscadal de chuid an Aonaid um Beartas Curaclaim agus Measúnachta sa Roinn Oideachais agus Scileanna is ea Teangacha Iar-bhunscoile Éireann (PPLI) agus tá sé á mhaoiniú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna. Aonad tiomnaithe atá ann a chuireann saineolas agus tacaíocht ar fáil don oideachas sna teangacha iasachta in Éirinn, ag leibhéal na hiar-bhunscoile go príomha. Tá sé dírithe ar na deiseanna atá ar fáil do scoláirí chun teangacha iasachta a fhoghlaim a fheabhsú agus a leathnú.

Soiléiriú maidir le comhlánú na bhfoirmeacha d'ábhair taobh amuigh den scoil:

Nuair atá staidéar á dhéanamh ar ábhar taobh amuigh den scoil, tá Foirm A leis an marc céatadáin measta ag teastáil le haghaidh gach scoláire. Comhlánaíonn an príomhoide Foirm C. Níl rang-ordú ag teastáil sna cásanna seo. Tá sé luaite ar Fhoirm C nuair atá ábhar á staidéar ag grúpa scoláirí taobh amuigh den scoil leis an múinteoir/teagascóir céanna, go bhféadfar Foirm B a chomhlánú don ghrúpa scoláirí sin. Níl sé seo riachtanach, ach is féidir í a chomhlánú más mian leis an múinteoir/teagascóir sin a dhéanamh. Cuirfear isteach an marc measta do na hábhair taobh amuigh den scoil i bhFeidhmchlár Grád Ríofa Esinet ó Fhoirmeacha C. Le haghaidh ábhar taobh amuigh den scoil, ní dhéanfar an rang-ordú a bhreithniú sa phróiseas caighdeánaithe ag an Roinn de bharr nach bhfuil siad mar chuid de rang-ghrúpa laistigh de scoil.

Mar atá luaite sa treoir, má tá gach iarracht is féidir déanta chun fianaise a aithint le breithiúnas a dhéanamh, agus má tá an príomhoide den tuairim nach bhfuil dóthain fianaise ag an scoil chun meastachán a dhéanamh, ba cheart Foirm D a chomhlánú, agus na sonraí a chur ar an bhfoirm. Ba cheart na foirmeacha sin a choimeád go sábháilte leis na doiciméid eile. I gcás go bhfuil Foirm D ann d'ábhar do scoláire, déanfaidh an Oifig Feidhmiúcháin um Ghráid Ríofa teagmháil leis an scoil chun an próiseas ar tugadh faoi chun teacht ar an gcinneadh nach bhféadfaí marc measta a chur ar fáil a dheimhniú leis an scoil.

3. Fillteán Tionscadail GCAT den obair chúrsa do scoláirí a bhfuil an scrúdú á dhéanamh an athuair acu

I gcás scoláirí a bhfuil nascmhodúil GCAT á ndéanamh an athuair acu, iarradh ar Choimisiún na Scrúduithe Stát an marc don Fhillteán Tionscadail den Obair Chúrsa, ón uair dheireanach a rinne siad an Ardteistiméireacht, a chur ar fáil do scoileanna chun cabhrú leo leis an bpróiseas meastacháin. Ar aon dul le gach scoláire eile, ba cheart go mbeadh an marc céatadán measta do na nascmhodúil ina n-iomláine (fillteán agus scrúdú), an t-aon difríocht atá ann sa chás seo ná go mbeidh an marc atá ar eolas ón obair chúrsa an uair dheireanach ar tugadh faoin scrúdú curtha san áireamh.

4. Scoláirí nach bhfuil sa chóras a thuilleadh le haghaidh scrúduithe

Beidh na scoláirí go léir a iontráladh do scrúduithe le Coimisiún na Scrúduithe Stát le feiceáil ar fheidhmchlár Esinet le cur san áireamh i bpróiseas na nGrád Ríofa. Táthar ag súil go gcuirfidh na scoileanna marc céatadán measta agus rang-ordú ranga ar fáil do gach scoláire ar an liosta. I gcás go bhfuil an scoil ar an eolas go bhfuil scoláire tar éis tarraingt siar go foirmiúil as scrúduithe (nó as cuid de na hábhair), tá sé riachtanach go ndéanfadh an scoil iad a tharraingt siar go foirmiúil as próiseas na scrúduithe. Is féidir é sin a dhéanamh trí theagmháil a dhéanamh le rannóg na nIontrálacha i gCoimisiún na Scrúduithe Stát ag entries@examinations.ie má tá an scoil cinnte go bhfuil an scoláire tarraingthe siar le fírinne.